An Coimisiún Eorpach

# Ré nua cosanta sonraí san Aontas Eorpach

## *Céard a athróidh tar éis an 25 Bealtaine 2018?*

Bealtaine 2018

**Léiríonn an méid a nochtaíodh faoi Facebook/Cambridge Analytica go ndearna an tAontas Eorpach an cinneadh ceart nuair a mhol sé athchóiriú uaillmhianach a dhéanamh ar chosaint sonraí agus nuair a thug sé isteach an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).**

**Tiocfaidh rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Fágfaidh sé go gcuirfear feabhas ar an gcaoi a ndéileálfar leis na sáruithe ar chosaint sonraí sna blianta amach romhainn:**



### FRIOTAL SOILÉIR

| INNIU | AMÁRACH |
|---|---|
| Is minic a thugann gnólachtaí míniú fada casta ar a mbeartais phríobháideachais | Beidh gá beartais phríobháideachais a scríobh **go soiléir sothuigthe** |




### TOILIÚ AN ÚSÁIDEORA

| INNIU | AMÁRACH |
|---|---|
| Glacann gnólachtaí leis, uaireanta, go gciallaíonn tost an úsáideora go dtoilíonn sé le próiseáil na sonraí, nó cuirtear an t-iarratas ar thoiliú an úsáideora i bhfolach i dtéarmaí agus i gcoinníollacha fada dleathaíocha — nach léitear | Beidh ar an úsáideoir **toiliú dearfach** a thabhairt sula bhféadfaidh gnólacht úsáid a bhaint as sonraí an úsáideora. Ní hionann tost agus toiliú |

## TUILLEADH TRÉDHEARCACHTA

| INNIU | AMÁRACH |
|---|---|
| Tarlaíonn sé nach gcuirtear an t-úsáideoir ar an eolas i gcónaí nuair a aistrítear a chuid sonraí amach as an Aontas Eorpach | Beidh ar ghnólachtaí an t-úsáideoir **a chur ar an eolas go soiléir faoi aistriú** den chineál sin |
| Uaireanta bailíonn agus próiseálann gnólachtaí sonraí pearsanta ar chúiseanna atá difriúil leis an gcúis a fógraíodh i dtosach agus nach gcuirtear an t-úsáideoir ar an eolas faoi sin | Ní bheidh gnólachtaí in ann sonraí a bhailiú agus a phróiseáil mura bhfuil **críoch shoiléir** leis sin. Beidh orthu an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoi aon chúiseanna nua a bheidh ann leis an bpróiseáil |
| Úsáideann gnólachtaí algartaim chun cinntí a dhéanamh faoin úsáideoir bunaithe ar a shonraí pearsanta (e.g. agus iarratas á dhéanamh ar iasacht); is minic nach mbíonn an t-úsáideoir ar an eolas faoi sin | Beidh ar ghnólachtaí an t-úsáideoir **a chur ar an eolas** faoin g**cinneadh uathoibrithe** atá ann agus deis a thabhairt dó cur ina choinne |



## CEARTA NÍOS DAINGNE

| INNIU | AMÁRACH |
|---|---|
| Is minic nach gcuireann gnólachtaí úsáideoirí ar an eolas nuair a tharlaíonn sárú ar shonraí, mar shampla nuair a ghoidtear sonraí | Beidh ar ghnólachtaí úsáideoirí **a chur ar an eolas** gan mhoill faoi shárú ar shonraí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don úsáideoir |
| Is minic nach féidir le húsáideoir a chuid sonraí a thógáil as gnólacht agus iad a aistriú chuig seirbhís eile atá in iomaíocht leis an ngnólacht sin | Beidh an t-úsáideoir in ann **a shonraí a aistriú**, mar shampla, chuig ardán eile de chuid na meán sóisialta |
| Is féidir go mbíonn sé deacair ar an úsáideoir cóip a fháil de na sonraí a choinníonn gnólachtaí ina thaobh | Beidh sé de cheart ag an úsáideoir **rochtain a fháil** ar shonraí atá á gcoinneáil ag gnólacht ina thaobh, agus cóip díobh a fháil |
| Is féidir go mbíonn sé deacair ar úsáideoir a shonraí a fháil scriosta | Beidh ceart soiléir ag an úsáideoir **go ndéanfaí é a ligean i ndearmad** (an ceart go ndéanfaí sonraí a scriosadh) agus beidh cosaintí soiléire ag dul leis an gceart sin |



## CUR I bhFEIDHM NÍOS DAINGNE

| INNIU | AMÁRACH |
|---|---|
| Tá teorainn leis na hacmhainní agus na cumhachtaí atá ag na húdaráis um chosaint sonraí oibriú i gcomhar le chéile | Beidh sé de chumhacht ag an m**Bord Eorpach um Chosaint Sonraí**, ar a mbeidh na 28 n-údarás um chosaint sonraí, **treoracha** agus **léirmhíniú** a thabhairt agus **cinntí ceangailteacha** a ghlacadh i gcás ina bhfuil níos mó ná tír amháin san Aontas i gceist san aon chás amháin |
| Níl aon fhíneálacha, nó is beag fíneáil, is féidir leo a ghearradh i gcás ina sáraíonn gnólacht na rialacha | Beidh cumhachtaí comhchuibhithe ag na 28 n-údarás um chosaint sonraí agus beidh siad in ann **fíneálacha** suas le EUR 20 milliún nó 4% de lamháltas domhanda gnólachta a fhorchur i leith gnólachtaí |

Tá tuilleadh eolais le fáil sna treoracha ar líne maidir leis an athchóiriú ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí — sna teangacha go léir:
**europa.eu/dataprotection**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-79-87756-8 | doi:10.2775/16008 | NA-01-18-603-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-79-87767-4 | doi:10.2775/56914 | NA-01-18-603-GA-N |